Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 17 Iúil 2025**
**(OR. en)**

**11765/25**
**ADD 3**

**Comhaid Idirinstitiúideacha:**
**2025/0543 (COD)**
**2025/0555 (COD)**

| | |
|---|---|
| **RECH 331** | **CLIMA 282** |
| **COMPET 758** | **AGRI 360** |
| **IND 283** | **TRANS 313** |
| **MI 557** | **SAN 470** |
| **EDUC 329** | **BIOTECH 3** |
| **TELECOM 251** | **CADREFIN 109** |
| **ENER 379** | **CODEC 1046** |
| **ENV 721** | **IA 91** |

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 16 Iúil 2025 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | SWD(2025) 556 final |
| Ábhar: | DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN AR AN TUARASCÁIL AR AN MEASÚNÚ TIONCHAIR<br>maidir leis an gCiste Eorpach um Iomaíochas<br>a ghabhann leis na doiciméid<br>Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle<br>maidir leis an gCiste Eorpach um Iomaíochas a bhunú, lena n-áirítear an clár sonrach le haghaidh gníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta cosanta, lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) 2021/522, (AE) 2021/694, (AE) 2021/697, (AE) 2021/783, lena n-aisghairtear forálacha Rialacháin (AE) 2021/696, (AE) 2023/588, agus lena leasaítear Rialachán (AE) [EDIP]<br>Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle<br>lena mbunaítear Fís Eorpach, an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht, le haghaidh na tréimhse 2028-2034 lena leagtar síos a rialacha maidir le rannpháirtíocht agus scaipeadh, agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) 2021/695<br>Togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle<br>maidir leis an gClár Sonrach a bhunú lena gcuirtear chun feidhme Fís Eorpach — an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht le haghaidh na tréimhse 2028-2034, lena leagtar síos na rialacha maidir le rannpháirtíocht agus scaipeadh faoin gClár sin, agus lena n-aisghairtear |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad SWD(2025) 556 final.

---

Faoi iamh: SWD(2025) 556 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 16.7.2025
SWD(2025) 556 final

**DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN**

# ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN AR AN TUARASCÁIL AR AN MEASÚNÚ TIONCHAIR

**maidir leis an gCiste Eorpach um Iomaíochas**

***a ghabhann leis na doiciméid***

**Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis an gCiste Eorpach um Iomaíochas a bhunú, lena n-áirítear an clár sonrach le haghaidh gníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta cosanta, lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) 2021/522, (AE) 2021/694, (AE) 2021/697, (AE) 2021/783, lena n-aisghairtear forálacha Rialacháin (AE) 2021/696, (AE) 2023/588, agus lena leasaítear Rialachán (AE) [EDIP]**

**Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear Fís Eorpach, an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht, le haghaidh na tréimhse 2028-2034 lena leagtar síos a rialacha maidir le rannpháirtíocht agus scaipeadh, agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) 2021/695**

**Togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir leis an gClár Sonrach a bhunú lena gcuirtear chun feidhme Fís Eorpach — an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht le haghaidh na tréimhse 2028-2034, lena leagtar síos na rialacha maidir le rannpháirtíocht agus scaipeadh faoin gClár sin, agus lena n-aisghairtear Cinneadh (AE) 2021/764]**

{COM(2025) 543 final} - {COM(2025) 544 final} - {COM(2025) 555 final} - {SEC(2025) 555 final} - {SWD(2025) 555 final}

**Bileog Achoimre Feidhmiúcháin**

**Measúnú tionchair ar an gcéad bhuiséad fadtéarmach eile de chuid an Aontais (CAI) — Cistiú ón Aontas le haghaidh iomaíochais**

## A. An gá atá le beart

### Cén fáth? Cad í an fhadhb a bhfuiltear ag díriú uirthi?

Le 30 bliain anuas, tá méadú tagtha ar an mbearna táirgiúlachta idir an tAontas agus geilleagair shárfhorbartha eile, rud a fhágann nach bhfuil an tAontas chomh hiomaíoch céanna le mórgheilleagair eile. Tá an tAontas ag titim chun deiridh ar mhórgheilleagair eile i roinnt réimsí, lena n-áirítear forbairt theicneolaíoch, feidhmíocht taighde agus nuálaíochta, dinimiceas margaidh agus acmhainneacht thionsclaíoch. Dá bhrí sin, tá feabhas a chur ar iomaíochas na hEorpa tagtha chun cinn mar thosaíocht chriticiúil, mar a luadh i dTuarascáil Draghi

Mar a leagtar amach i gCompás Iomaíochais an Choimisiúin Eorpaigh,[1]cuimsíonn iomaíochas na hEorpa cumas an Aontais fás táirgiúlachta, ardchaighdeáin mhaireachtála agus uathriail straitéiseach a mhéadú i dtimpeallacht dhomhanda atá ag athrú go tapa. Tá níos mó i gceist leis an gcoincheap sin ná an iomaíocht chostasbhunaithe thraidisiúnta, agus béim á leagan ar an nuálaíocht, ar an infheistíocht, ar an athléimneacht agus ar an neart tionsclaíoch, go háirithe in earnálacha glasa, in earnálacha digiteacha agus i bpríomhearnálacha criticiúla.

Sainaithnítear sa Chompás Iomaíochais roinnt tosca a bhfuil gá leo chun borradh a chur faoi iomaíochas an Aontais: (1) an bhearna nuálaíochta a dhúnadh, (2) dícharbónú, agus (3) spleáchais iomarcacha a laghdú agus slándáil a mhéadú. Ina theannta sin, leagtar béim ann ar chúig chumasóir chothrománacha: (1) simpliú, (2) deireadh a chur le bacainní sa Mhargadh Aonair, (3) maoiniú, (4) scileanna agus poist ardcháilíochta, (5) comhordú níos fearr.

Beidh simpliú, maoiniú agus comhordú níos fearr mar phríomhfhócas ag an gCiste Eorpach um Iomaíochas.

Trí dhul i ngleic leis na fadhbanna sin, meastar go mbeidh tionchar dearfach, cé go mbeidh an tionchar sin indíreach, ar fhadhbanna eile a sainaithníodh sa chompás Iomaíochais amhail an bhearna nuálaíochta, agus freisin ar laghdú spleáchas na hEorpa ar fhoinsí seachtracha le haghaidh teicneolaíochtaí agus acmhainní criticiúla, agus ar an gcaoi sin ar fheabhsú na slándála agus na hathléimneachta.

### Cad é toradh measta an tionscnaimh seo?

Is é cuspóir uileghabhálach an tionscnaimh seo acmhainneacht infheistíochta a bhunú chun tacú le hiomaíochas na hEorpa i dteicneolaíochtaí straitéiseacha agus in earnálacha straitéiseacha, agus chun uirlisí cistiúcháin bhuiséad an Aontais a ghiaráil.

Go sonrach, cuireann an tionscnamh infheistíochtaí poiblí agus infheistíochtaí príobháideacha chun cinn tríd an aistear infheistíochta ar fad, go háirithe sa taighde agus sa nuálaíocht, agus déanann sé acmhainneacht dí-rioscaithe bhuiséad an Aontais a ghiaráil ar bhealach níos fearr chun a bhreisluach AE a uasmhéadú. Thairis sin, stiúrann sé infheistíochtaí agus agus díríonn sé iad ar theicneolaíochtaí agus earnálacha straitéiseacha an Aontais chun tacú leis an dícharbónú, leis an tslándáil agus leis an athléimneacht. Ar deireadh, éascaíonn sé rochtain ar chistiú ón Aontas trí nósanna imeachta atá úsáideoir-lárnach, níos tapúla, simplithe agus comhchuibhithe agus cuireann sé feabhas ar chomhleanúnachas infheistíochtaí an Aontais agus na mBallstát.

### Cad é an breisluach atá le beart a dhéanamh ar leibhéal an Aontais?

Ar an gcéad dul síos, trí fheabhas a chur ar an gcomhar agus ar an gcomhtháthú i measc páirtithe leasmhara agus thar theorainneacha, cuireann cistiú ón Aontas deireadh le bacainní náisiúnta agus cruthaíonn sé mais chriticiúil chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin chomhroinnte. Ar an dara dul síos, trí aghaidh a thabhairt ar theipeanna margaidh agus ar dhálaí infheistíochta fo-optamacha, agus trí thionchar eacnamaíoch a ghiniúint, cuireann an tAontas feabhas ar athléimneacht eacnamaíoch, déanann sé cistí príobháideacha a ghiaráil, meallann sé caipiteal, cuireann sé borradh faoin táirgiúlacht ar fud an Aontais, agus tacaíonn sé le tionscadail a théann chun tairbhe don gheilleagar agus a bhféadfadh sé nach n-éireodh leo murach sin. Tacaíonn sé le hiomaíocht ar fud an Aontais, rud a fhágann gur féidir na smaointe eolaíocha agus nuálacha is fearr a roghnú ó gach cearn den Aontas. Ar an tríú dul síos, trí threoíocht infheistíochta agus comhthiomsú acmhainní a neartú, is fearr is féidir leis an Aontas aghaidh a thabhairt ar dhúshláin ar fud an Aontais agus tosaíochtaí comhroinnte amhail an t-aistriú digiteach agus an t-aistriú glas a chur chun cinn.

[1] COM(2025) 30 final. Compás Iomaíochais don Aontas Eorpach.

| B. Réitigh |
|---|
| **Cad iad na roghanna beartais reachtacha agus neamhreachtacha a breithníodh? An bhfuil rogha thosaíochta ann nó nach bhfuil? Cén fáth?** |
| Breithníodh trí rogha beartais éagsúla:<br>Is é 'Gnó mar is gnách plus' an chéad rogha, a chiallódh go gcoinneodh na 14 chlár[2] a rialacha féin, ach go ndéanfadh an Coimisiún iarracht comhsheasmhacht níos cothrománaí a áirithiú ar fud na gcistí, rud a chuirfeadh leis an gcur chuige a ghlactar leis an Ardán um Theicneolaíochtaí Straitéiseacha don Eoraip (STEP) chun cuidiú le tionscadail aonair tairbhe a bhaint as cistiú carnach faoi roinnt clár.<br>Is é 'Comhordú feabhsaithe idir cláir agus leabhar rialacha coiteann' an dara rogha, a rachadh níos faide trí rialacha a chomhchuibhiú ar fud na gclár, go háirithe trí chuspóirí, sraitheanna agus colúin a ailíniú, chomh maith leis na huirlisí cur chun feidhme agus na forálacha cothrománacha dlí.<br>Is é 'Comhdhlúthú clár i gCiste Eorpach nua um Iomaíochas' an tríú rogha, rud a thabharfadh cláir ábhartha de chuid an Aontais isteach in aon chiste amháin a ndéanfaí stiúradh straitéiseach air agus a thabharfadh tús áite do bheartais seachas do chláir. Chruthódh an rogha sin acmhainneacht infheistíochta aonair chun tacú le hearnálacha agus teicneolaíochtaí straitéiseacha, nuálaíocht shuaiteach agus dícharbónú trí aistear infheistíochta rianúil ó thaighde bunúsach go taighde feidhmeach, go cur in úsáid, monaraíocht, seirbhísí agus réitigh. Déanfar é a struchtúrú de réir líon beag gnéithe beartais atá ríthábhachtach d'iomaíochas agus d'athléimneacht an Aontais. Chuideodh rialachas an Chiste leis freagairt go tapa do dhúshláin agus do thosaíochtaí nua. Leis an tríú rogha, bhainfí cothromaíocht amach idir an intuarthacht is gá le haghaidh infheistíochtaí fadtéarmacha amhail le haghaidh taighde agus nuálaíochta, agus an tsolúbthacht is gá chun freagairt do thosaíochtaí polaitiúla atá ag teacht chun cinn.<br>Is í an tríú rogha an rogha thosaíochta, toisc go gcuirtear tacar cuimsitheach beart ar fáil léi chun na heasnaimh atá ann faoi láthair i réimse cistiúcháin an Aontais a bhaineann leis an iomaíochas a leagtar amach thuas a shárú. Chun a áirithiú go n-éireoidh leis an rogha thosaíochta, cuirfidh an tAontas bearta chun feidhme chun tionchair dhiúltacha a d'fhéadfadh a bheith ann a íoslaghdú, lena n-áirítear tríd an tsolúbthacht a chothromú leis an ngá atá le hintuarthacht. |

[2] I measc na 14 chlár de chuid an Aontais a thagann faoi raon feidhme an Mheasúnaithe Tionchair seo, tá an clár Fís Eorpach, an Ciste don Nuálaíocht, an Clár don Eoraip Dhigiteach, an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa - Digiteach, an Ciste Eorpach Cosanta, an Gníomh chun Tacú le Táirgeadh Armlóin, an Gníomh um Thionscal Cosanta na hEorpa a Atreisiú trí Sholáthar Comhoibríoch, an Clár um an Tionscal Cosanta Eorpach, an clár EU4Health, Clár Spáis an Aontais, IRIS2, an clár InvestEU, Clár an Mhargaidh Aonair (Sraith FBM) agus an clár LIFE.

| C. Tionchar na rogha tosaíochta |
|---|
| **Cad iad na tairbhí a bhaineann leis an rogha thosaíochta (más ann di; murab ann, cad iad tairbhí na bpríomhroghanna)?** |
| Leis an rogha thosaíochta, sholáthrófaí toradh níos airde ar infheistíocht thar 15 bliana, agus bheadh an tairbhe iomlán in aghaidh an Euro arna chaitheamh 15,74 % níos airde ná mar a bheadh leis an gcéad rogha ('gnó mar is gnách plus'). . Bheadh méadú 58 % níos airde ar onnmhairí san Aontas Eorpach freisin i gcomparáid leis an gcéad rogha, go príomha mar gheall ar an méid níos mó infheistíochtaí. Is dócha go mbeidh tionchar foriomlán na rogha tosaíochta ar tháirgiúlacht an Aontais dearfach, bunaithe ar an gcaoi go mbeifí in ann acmhainní a leithdháileadh léi ar bhealach níos éifeachtúla agus níos éifeachtaí.<br><br>Tá coinne leis freisin go laghdóidh an rogha sin costais riaracháin do thairbhithe trí phointí rochtana a chomhtháthú agus leabhar rialacha aonair a thabhairt isteach, tríd an bpróiseas cistiúcháin a shimpliú agus trí thimpeallacht níos éifeachtúla agus níos fabhraí do ghnó a chruthú, a rachaidh go háirithe chun tairbhe do thionscail ardfháis, do FBManna, do ghnólachtaí nuathionscanta nuálacha, agus do thionscadail a bhfuil tacaíocht fhadtéarmach infheistíochta ag teastáil ina leith. Le próiseas iarratais simplithe agus uasghrádaithe, mhéadófaí an tsoiléireacht do thionscnóirí tionscadail agus d'éascófaí rochtain ar chistiú ar an iomlán.<br><br>Leis an rogha thosaíochta, comhdhlúthaítear próisis chistiúcháin agus leathnaítear an rochtain ar uirlisí airgeadais, rud a chuireann ar a chumas don Aontas leas níos fearr a bhaint as a acmhainneacht caipiteal príobháideach a shlógadh agus solúbthacht bhuiséadach a mhéadú. Leis an rogha sin freisin neartaítear na naisc idir an taighde bunúsach agus na céimeanna deiridh den taighde, den nuálaíocht agus den mhonaraíocht, rud a áirithíonn struchtúr dinimiciúil eacnamaíoch laistigh den Aontas agus a thugann smaointe chuig an margadh ar bhealach níos fearr.<br><br>Ó thaobh an mhargaidh de, is é is aidhm do chreat cistiúcháin aontaithe feabhas a chur ar iomaíochas cuideachtaí Eorpacha trí chistiú a dhéanamh níos inrochtana agus níos ailínithe go straitéiseach. Tacaíonn sé freisin le neamhspleáchas straitéiseach na hEorpa agus laghdaíonn sé spleáchais chriticiúla.<br><br>Ar deireadh, áirítear ar na tionchair shóisialta cruthú post, feabhsú scileanna agus fás eacnamaíoch réigiúnach a chur chun cinn, go háirithe in earnálacha straitéiseacha. Tá tionchair chomhshaoil na rogha seo ceangailte go dlúth leis an gcaoi a dtugtar tosaíocht léi don dícharbónú agus don teicneolaíocht ghlan mar phríomhearnálacha agus príomhtheicneolaíochtaí. Ba cheart tionchar dearfach a bheith ag an bhfócas sin ar an aeráid agus ar chonair an Aontais i dtreo an dícharbónaithe. |

| |
|---|
| **Cad iad costais a bhaineann leis an rogha thosaíochta (más ann di; murab ann, cad iad na costais a bhaineann leis na príomhroghanna)?** |
| D'fhéadfadh roinnt costas coigeartaithe a bheith ann d'iarratasóirí agus do thairbhithe atá ag baint tairbhe as cistí an Aontais cheana féin. Chun an t-aistriú chuig ciste comhtháite aonair a bhaint amach, bheadh ar eagraíochtaí a bhfuil taithí acu ar an struchtúr atá ann faoi láthair oiriúnú a dhéanamh. Mar sin féin, cé go mbeadh gá le hoiriúnú tosaigh don chiste nua, ní bheadh ar thairbhithe an próiseas foghlama sin a dhéanamh ach uair amháin, seachas foghlaim arís is arís eile le haghaidh roinnt clár éagsúil. Le hinrochtaineacht níos éasca ar an iomlán agus bacainní laghdaithe, laghdófaí go mór na costais iarratais go ginearálta, lena n-áirítear do líon níos leithne iarratasóirí. Trí thairseach aonair a fhorbairt, ag tógáil ar an taithí tosaigh ón Tairseach 'Cistiú agus Tairiscintí' agus ó Thairseach STEP, is féidir cuidiú le suaitheadh a mhaolú, agus is féidir le struchtúir láidre rialachais agus líonra páirtithe leasmhara atá solúbtha agus freagrúil cuidiú le bainistiú an aistrithe. Ar deireadh, d'fhéadfadh struchtúr níos simplí agus níos inléite rochtain ar chláir chistiúcháin a leathnú chuig tairbhithe nua, rud a spreagfadh nuálaíocht ar fud earnálacha. |
| **Cén difear a dhéanfar do ghnólachtaí, do FBManna agus do mhicrifhiontair?** |
| Tabhóidh FBManna a bhfuil cur amach acu ar chistiú ón Aontas cheana costais choigeartaithe ar dtús mar gheall ar iarrachtaí idirthréimhseacha, amhail dul in oiriúint do rialacha nua agus foghlaim faoin gcóras iarratais comhdhlúite. Meastar go mbeidh na costais sin sealadach agus teoranta. Le himeacht ama, bainfidh FBManna tairbhe as costais riaracháin laghdaithe chun deiseanna cistiúcháin ábhartha a shainaithint agus chun iarratas a dhéanamh. I measc na bpríomhbhuntáistí tá tairseach iontrála aonair le haghaidh iarratas, rialacha simplithe agus comhchuibhithe, agus seirbhísí comhairleacha cuíchóirithe agus ionad ilfhreastail, lena ndéantar cistiú níos inrochtana agus lena laghdaítear costas agus castacht an tráth céanna. Ní mór tacaíocht do FBManna a ionchorprú in ailtireacht an Chiste um Iomaíochas chun a áirithiú go mbainfear amach na tairbhí sin. |
| **An imreofar tionchar mór ar bhuiséid náisiúnta agus ar údaráis riaracháin náisiúnta?** |
| Ní imreofar toisc gur clár é a bhainisteoidh an Coimisiún go díreach ar leibhéal an Aontais nó go hindíreach trína chomhpháirtithe cur chun feidhme, agus dámhfar cistiú ar thairbhithe. |
| **An mbeidh aon tionchar mór eile i gceist?** |
| Leis an rogha thosaíochta, cuirfear feabhas ar tháirgiúlacht agus ar sheasamh an Aontais sa slabhra luacha domhanda, lena n-áirítear trí bhíthin nuálaíocht shuaiteach lena gcruthófar margaí nua. Trí thacú leis an nuálaíocht agus leis an monaraíocht, laghdóidh sí spleáchais agus feabhsóidh sí suíomh ghnólachtaí an Aontais ar an margadh. Le stiúradh straitéiseach agus cistiú tiomnaithe, áirithítear intuarthacht an chistithe, ó thaighde bunúsach go cur i bhfeidhm sa mhargadh. Bainfidh FBManna tairbhe as rochtain shimplithe ar chistiú, costais riaracháin laghdaithe, agus aga níos giorra go síniú comhaontaithe deontais, rud a chuirfidh feabhas ar a gcumas rochtain a fháil ar chaipiteal. D'fhéadfadh an tionscnamh seasamh iomaíoch na n-earnálacha straitéiseacha agus seasamh an Aontais maidir le teicneolaíochtaí criticiúla agus ardteicneolaíochtaí a neartú. Mar thoradh ar sheach-iarmhairtí, rachaidh sé chun tairbhe d'earnálacha cóngaracha, rud a mhéadóidh an táirgiúlacht. |
| **D. Obair leantach** |
| **Cathain a dhéanfar athbhreithniú ar an mbeartas?** |
| Déanfar faireachán ar an tionscnamh sin tríd an gcreat feidhmíochta le haghaidh an bhuiséid tar éis 2027, rud a ndéantar scrúdú air i measúnú tionchair ar leithligh. Déantar foráil sa chreat feidhmíochta maidir le tuarascáil cur chun feidhme le linn chéim cur chun feidhme an chláir, chomh maith le meastóireacht chúlghabhálach atá le déanamh i gcomhréir le hAirteagal 34(3) de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509. Déanfar an mheastóireacht i gcomhréir le Treoirlínte an Choimisiúin maidir le Rialáil Níos Fearr agus beidh sí bunaithe ar tháscairí atá ábhartha do chuspóirí an chláir. |